# Guth Ghoill

Luach € 2.00




**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


Ros na Binne 3

An Chéad 'Singing lounge' 6

Turas go dtí an Fhrainc 8

Don Oíche Úd i mBeithil 10

Feadaímó 11

Pictiúir ón cheantar 13

Imeachtaí Chéim Aniar 14

# Ros na Binne

Thíos cois na Maoil Ruaidhe i mbaile fearainn Ros na Binne tá cuid tithe coiteora (*labourer's cottages*) Ros na Binne. Tá an theach déag acu ann agus chuaigh na chéad tionóntaithe a chónaigh iontu sa bhliain 1910, sin céad bliain ó shin, cé go raibh iarratais istigh ag daoine ar na tithe seo ón bhliain 1907. Déanfaidh muid cur síos ar na tithe seo agus na daoine a chónaigh iontu sa chéad eagrán de Ghuth Ghoill a rachas amach sa bhliain úr. Tabharfaidh muid amharc i dtús báire ar na trí theach coiteora atá suite ar thaobh na láimhe clé agus tú ar do bhealach síos go Lag na hUilinne.

Trí theach acu atá ann agus tosaíodh ar a dtógáil timpeall na bliana 1933 agus chuaigh na chéad tionóntaithe isteach iontu timpeall 1935.

### *Teach Den Óg.*

Ba Den Mac Giolla Bhríde nó Den Óg mar ab fhearr aithne air agus a bhean Bidí Nic Giolla Bhríde, Bidí 'n Ghréasaí as an Ghlíob na tionóntaithe a chuaigh isteach sa chéad teach,



*Den Óg ag seanteach Ghréasaí ar an Ghlíob*

sin an teach a sheasann leis fhéin ar fhód an bhealaigh. Bhí ceathrar mac acu, Danny, John, Stephen agus Josie agus beirt iníonach, sin Gracie agus Sissy. Fuair Sissy bás óg. Chaith



*Josie Den Óg i nGlaschú*

siad uilig páirt mhaith dá saol as baile, chuaigh Stephen, Josie, Danny agus John go hAlbain agus chaith Gracie a cuid ama i Meiriceá ach tá sí sa bhaile anois le roinnt blianta. Tháinig Danny agus Josie 'na bhaile fosta, rinne Danny cónaí sa teach inár tógadh ann é agus bhí Josie agus a bhean Vera ina gcónaí i dTír Lachain lena gclann.

I ndiaidh do Bhidí bás a fháil ag tús na gcaogaidí phós Den arís sa bhliain 1955. Baintreach as an Chraoslach ab ea Maggie Mc Garvey ach ba Maggie Boyle as Gleann Eala ó dhúchas di. Tháinig sí fhéin agus a mac Maindí a chónaí le Den i Ros na Binne. Fear mór pléisiúrtha neamhurchóideach a bhí in Den agus ba é a choinnigh an so-



*Den Óg ag lasadh an tsolais ar an chéidh*

las lasta ar bharr na céidhe ar feadh blianta fada. Ba é a thóg an cíos fosta ar thithe na Comhairle Contae agus lena chois sin bhí sé ina bháille bradán agus ina mhaor uisce.



*Maindí Mac Garbheith agus a mháthair, Maggie*

Choinnigh Maggie teach glan snasta agus bhí craos mór de thine oscailte acu i gcónaí. Bhíodh buicéad mór d'fhíoruisce ina shuí ar stól in aice leis an drisiúr agus b'iomaí lá a ritheadh scaifte againn isteach nuair a bhí muid inár ngasúirí, muid ag barcadh allais i ndiaidh dúinn a bheith ag imirt peile nó ag súgradh fá na carraigeacha. Chuirtí fáilte chroíúil romhainn i gcónaí .

Fuair Den bás in Eanáir na bliana 1984. Ba san am seo a tháinig Danny 'na bhaile agus char imigh sé ní ba mhó. Ag deireadh na bliana sin fuair Maggie bás agus ba dheas an rud é go raibh Danny sa bhaile na blianta ina dhiaidh sin le cuideachta a choinneáil le Maindí. Fuair Maindí bás sa bhliain 1999 agus ansin cúpla bliain ina dhiaidh sin, 2001, fuair Danny bás. Fuair Josie bás i dTír Lachain sa bhliain 2005. D'fhág sin go raibh an teach folamh ar feadh roinnt blianta ansin go dtí gur aistrigh mac le Josie, sin Terry, isteach ann roinnt blianta ó shin lena theaghlach.

### *Teach Mharie.*

Tá an dá theach eile acu seo faoin díon amháin. Ba Johnny Logue nó Johnny Phádraig Shéamais agus a bhean Winnie Nic Giolla Bhríde (*Winnie Mhicí John*) na chéad tionóntaithe sa chéad teach acu seo. Bhí seomra glactha ag Hughie Carr nó Hughie Fhánada mar ab fhearr aithne air agus ag a bhean Marie (Nic Fhionlaoch) uathu fosta. Nuair a cailleadh athair Johnny, Pádraig Shéamais, go tubaisteach ar an Mhaol Ruaidhe sa bhliain 1937 d'aistrigh Johnny agus Winnie go Dún Dúbháin, baile dúchais Johnny. Ba Hughie agus Marie a bhí mar thionóntaithe sa teach ina dhiaidh sin. Ba as Baile Fuaruisce i bhFánáid do Hughie agus d'oibrigh sé i mbádchlós Mhíobhaigh. Bhí sé ag obair sa bhádchlós go luath i ndiaidh dó fuascailt ar dtús sa bhliain 1910. Ba as Cnoc na Marbh do Mharie. Bhí dearthár le Marie, sin Dinis, beo sa teach leo fosta ach cha raibh Dinis pósta. Teach mór airneáil a bhí i dteach Mharie agus ba ghnách le daoine a bheith ag airneáil ann go minic.

Duine amháin clainne a bhí ag Hughie agus Marie, ba sin John. Chaith John páirt mhór dá shaol i Londain ag obair mar chonraitheoir. Bhí sé pósta ar Chaitlín Courtney agus bhí duine amháin clainne acu, mac a bhfuil John air. Fuair John sinsear bás sa bhliain 1999. Chuir John óg cóiriú agus bail ar an teach agus bhéarann sé cuairt ar an áit go minic.

Bhí mac eile ag Marie fosta, stócach a raibh Micí air agus bádh é go tragóideach i mí Iúil na bliana 1956. Bhí sé ag obair i mbádchlós Mhíobhaigh agus tráthnóna amháin chuaigh sé fhéin agus fear eile a raibh Alan Stewart air ar ais i ndiaidh a lae oibre a bheith déanta acu le bail a chur ar bhád le fear as Leitir Ceanainn, a bhí ina suí ar an chladach, bád a raibh leathdeic uirthi. Tráthnóna álainn Samhraidh a bhí ann, gan an bheo san uisce. Bhí bád beag nó dinghy ar an chladach fosta in aice an bháid sa dóigh is go dtiocfadh leo úsáid a bhaint aisti dá mbeadh an lán mara istigh agus iad ag obair ar an bhád. Shocraigh Micí, is dócha, go dtabharfadh sé an bád beag seo amach go bhfeicfeadh sé cá leis a raibh sí



*Micí Mac Fhionlaoch*

cosúil. Cibé a tharla thiontaigh an bád agus caitheadh Micí san uisce. Cha raibh snámh ar bith aige agus bádh é sula rabhas ábalta tarrtháil a thabhairt air. Is cinnte gur fhág an tragóid mhillteanach seo an ceantar faoi ghruaim agus faoi smúid ar feadh fada go leor. Cha raibh sé ach ceithre bliana is fiche. Fuair Hughie Fhánada bás i 1968, Dinis 'Ac Fhionlaoch sa bhliain 1987 agus ansin sa bhliain 1988 fuair Marie fhéin bás.

### *Teach Chonnor.*

Ba deirfiúr le Marie, sin Nancy Nic Fhionlaoch, a bhí pósta ar John Connor as an Mhuirleog, na chéad tionóntaithe a bhí sa tríú teach. Thosaigh siad a thógáil a gclainne anseo ach fuair Nancy bás agus d'aistrigh an teaghlach go hAlbain.

Sa bhliain 1949 a chuaigh Doimnic Ó Conchúir as an Mhaol Ruaidhe, (cha raibh gaol ar bith aige leis an John Connor a bhí sa teach roimhe) agus a bhean Bidí Uí Luodhóg (Bidí Den Shéamais) a chónaí sa teach. Cúigear clainne a bhí acu, ceathrar mac, Danny, Charlie, Johnny agus Manás agus iníon amháin sin Mary Theresa. Chuaigh Danny, Charlie, Manás agus Mary thar lear lena gcuid a shaothrú ach d'fhan Johnny fá bhaile, áit ar chleacht sé ceird na péintéireachta, an cheird a bhí ag a mhuintir roimhe. Ba go Sasana a chuaigh Danny agus Charlie agus chuaigh Máire agus Manás go Meiriceá. Fuair Charlie bás i mí Feabhrá na bliana 2008. Tháinig Manás agus a theaghlach 'na bhaile roinnt blianta ó shin agus thóg siad teach úr i nDún Mór agus lean Manás ar aghaidh fosta ag cleachtadh ceird a mhuintire. Tá Mary pósta i Philadelphia agus tá Danny i gcónaí i Sasana.

Ba seo clann ar chaith mé fhéin páirt mhaith de m'óige leo. Bhíodh muid ag imirt peile, gailf agus buachaillí bó, amanna eile bhíodh muid thall fá cheárta Mhic Gairbhe, thíos fán chladach agus fá bhádchlós Mhíobhaigh, ag piocadh cnóanna fán Tamhnach nó b'fhéidir istigh i ngairdín úll Mhosey ag goid úll. Agus, dár ndóigh, b'iomaí lá a chaith muid fá na cuibhrinn a bhí sa Lag ag cur phrátaí do mhuintir Isaac nó a gcruinniú ag deireadh an Fhómhair. Chuireadh Den Mháire a bhí ar fostú ansin go mór leis an ghreann, é ag



*Ar cúl, ó chlé tá Marie Carr, agus Mary Burke.*
*I lár, ó chlé tá Mary McAtasney, John Carr agus Mary Ní Chonchúir.*
*Chun tosaigh, ó chlé tá Danny, Johnny agus Charlie Ó Conchúir*

magadh fúinn, ag cleasaíocht agus ag cur dallamullóg orainn. Go minic bheadh diabhlaíocht de chineál éigin ar siúl againn mar a bhíos ag buachaillí óga. Bhí rud inteacht i gcónaí le déanamh againn agus char mhór ár dtuiscint ar an fhocal 'bored'.

Ba dhaoine fial agus flaithiúil a bhí in Doimnic agus Bidí le dhul isteach acu agus bhí teilifís acu ó thús na seascaidí agus ba mhór an tarraingt a bhí anseo ag an am, go háirithe don mhuintir óg. Bhí féith an ghrinn i nDoimnic rud a d'fhág greann i gcónaí sa chomhrá.

Fuair Doimnic bás i mí Feabhra na bliana 1994 agus traidhfil blianta ina dhiaidh sin, mí Feabhra 1997 fuair a bhean Bidí bás. Tá a mac Johnny ina chónaí sa teach seo anois.

**Nollaig ghlas a dhéanfas reilig mhéith.**

# An Chéad 'Singing Lounge'



Nuair a bhí mise i mo dhéagóir, ba iad na Beatles & na Rolling Stones sa Bhreatain agus Jim Reeves, Larry Cunningham agus na Showbands in Éirinn, a bhí i mbarr a réime. Bhí athruithe móra tagtha ar an saol. Níor léadh an tAifreann i Laidin ní ba mhó agus b'éigean do na sagairt aghaidh a thabhairt ar an phobal agus iad ag léamh an Aifrinn. Bhí caint fosta go rachadh Éire isteach sa Chomh-Mhargadh Eorpach. Bhí an tír ag déanamh dul chun cinn ó thaobh tionsclaíochta de agus cha raibh iomrá da laghad ar na Trioblóidí i dTuaisceart na hÉireann. Bhí athrú mór tagtha ar na tithe tábhairne chomh maith agus anois bhí sé inghlactha go rachadh mná agus fiú páistí isteach iontu, rud nach raibh iomrá air cúig bliana roimhe seo.

Dalta go leor eile, bhínn ag déanamh obair shamhraidh achan bhliain, idir 'chaddyáil' ar Ghalfchúrsa Ros na Binne agus ag obair i monarcha Mhic Nuadhat sna Dúnaibh ach thart fan bhliain 1964 fuair mé post samhraidh sa 'Bhungalow' (an áit a bhfuil Óstán Bhá na nDúnaibh anois). Bhí mé i mo scoláire cónaithe i gColáiste Adhmhnáin, Leitir Ceanainn ag an am agus ba é an cúram a bhí orm ná bheith ag amharc i ndiaidh na mbádaí rámha a bhí acu, i rith an lae agus a bheith ag obair sa bheár san oíche.

Bhí go maith agus cha raibh go holc agus b'éigean domh na sé bhád rámha a tharraingt anuas ó cheann na trá go dtí an fharraige achan mhaidin. Ansin bhí orm iad a choinneáil ar snámh fhad is a bhí an taoide ag líonadh nó ag trá. Mar sin, cé nach raibh mórán oibre i gceist i rith an lae, cha raibh mórán suaimhnis agat, toisc go raibh tú ag coinneáil súile ar an fharraige i rith an ama. Liginn amach ar cíos iad ansin do chuairteoirí ar bith a raibh fonn orthu dul amach ag rámhaíocht agus leoga bhí siad gnóthach go leor sna laethanta sin mar cha raibh an oiread sin spórt farraige ag dul ag an am sin. Ansin, tráthnóna, b'éigean domh iad a tharraingt aníos go ceann na trá arís agus iad a fhágáil ansin go maidin. Bhain me sult mór as mo phost agus bhí cúpla scilling á shaothrú agam lena chois. Chuideoinn ar chúl an bheáir san oíche agus ba sin jab a raibh dúil agam ann fosta.

Ansin lá amháin, tháinig bean a' tí fhad liom agus dúirt sí liom gur chuala sí gur sheinn mé ar an ghiotár agus d'fhiafraigh sí domh ar cheol mé ar chor ar bith. Dúirt mise gur sheinn mé rud beag agus cha raibh mé cinnte an é ceol a tháinig amach as mo bhéal nó nárbh ea. Thug sí cuireadh domh triail a bhaint as ar feadh oíche nó dhó ar scor ar bith. Ní raibh agam ach giotár beag a bheifeá ag dul dó fán teach agus cha raibh micreafón ar bith ar fáil. Le scéal fada a dhéanamh gairid, rinne mé amhlaidh ar feadh cúpla oíche agus de réir dealraimh bhí sí sásta leis an toradh. D'iarr sí orm dul ag ceol san oíche, leanúint ar aghaidh leis na bádaí agus gan bacadh leis an bheár. Faoin am seo ba léir nach dtiocfaí leanúint ar aghaidh gan micreafón agus mar sin, chóirigh fear a' tí ceann a chrochfá thart ar do mhuineál ach leis an fhírinne a rá cha raibh maith ar bith ann mar nuair a thiocfadh barraíocht comhdhlúthaithe (condensation) air ó d'anáil, ní oibreodh sé. Mar sin fuair sé ceann nua domh agus fuair sé giotár leictreach ar cíos ó cheoltóir cáiliúil i gCarraig Airt, agus bhí linn! Caithfidh mé rá gur chuir sé iontas orainn uilig an méid daoine a thagadh isteach san oíche. Níl mé ag rá gur de bharr fheabhas an cheoil a tháinig siad ach gur rud úrnua ar fad a bhí in seo. Ba é seo ceann de na chéad 'Singing Lounges' sa chontae, déarfainn, agus cha raibh an dara ceann idir seo agus Leitir Ceanainn ag an am.

Bhuel, na hoícheanta ceoil agus craic a bhí ann, seacht n-oíche na seachtaine! Bhí meascán breá de chuairteoirí agus de mhuintir na háite ann agus nuair a chuaigh an scéal thart thagadh na sluaite. San am sin, dhruid na tithe tábhairne ag 11.30 agus muna raibh tú istigh roimh 7.45 ní raibh suíochán le fáil! Thosódh an ceol agus ba é an rud faoin am sin ná go raibh chor a bheith achan duine toilteanach dul leis an cheol agus bhí an baol ann oícheanta go dtógfadh siad an sean-díon stáin a bhí ar an áit, le neart a nglórtha, idir *The*




Trá na nDúnaibh (Cén bhliain?)

*Boys From the Co. Armagh, The Wild Rover, The Irish Rover, Sean South From Garryowen* agus fiú amháin *The Sash My Father Wore!* Tá cuimhne mhaith agam ar fhear ó Oirthear Bhéal Feirste, Joe Porter, scoth ceoltóra, a chaitheadh mí nó sé seachtaine anseo ar laetha saoire agus ba eisean a dhéanadh fear a' tí (go neamh-oifigiúil) agus ba ghnáth leis ceoltóirí a mhealladh aníos ón urlár achan oíche, chomh maith leis an cheol a rinne sé féin. Má thosaigh an ceol agus craic luath sna laethanta sin, chríochnaigh sé luath fosta, féadaim inse duit. Sheasadh fear a' tí ag an doras ag fiche chun a dó dhéag agus thógadh sé racán millteanach ar fad ag scríobadh bonn dhá scilling ar an phána ghloine tréshoilseach (frosted glass). Dhéanfadh an racán seo thú a bhodhrú agus cha raibh an darna rogha ann ach imeacht!

Bhí rudaí ag dul go maith sin an dara bliain, gur iarr siad ar Phatsy Mac Lochlainn ó Bhaile na nGallóglach, Grásta Dé ar a anam, dul in éineacht liom agus bhuaileadh an bheirt againn na seacht n-oícheanta, eisean ar an fhidil agus an saxophone agus mise ag ceol agus ar an ghiotár. Rachadh an slua ar mire ar fad nuair a thosódh Patsy ar an cheol Ghaelach (rud nach ndearna muid go dtí lár na hoíche, mar ní thiocfadh leat é a choinneáil suas ar feadh na hoiche!). Bhualadh sé *Alexander's Ragtime Band* agus *Turkey in the Straw* a chéad uair agus nuair a chiúnódh an glamaíl, rachadh sé isteach in *The Mason's Apron, The Pigeon on the Gate* agus *The Woman and the Priest*. Bhuel théadh an slua ar dhearg-mhire ar fad ansin! Níl cur síos ar an chraic agus ar an phléisiúr a bhí againn i rith an ama seo.

Sílim gur mhair an socrú seo ar feadh dhá shéasúr. Ansin d'imigh mise go Sasana ag tús na bliana 1967 agus nuair a tháinig mé ar ais an samhradh sin, tháinig fear óg as Leifear, a sheinn ar an bpianó. Bhí aithne agam air mar go raibh sé cúpla bliain i mo dhiaidh i gColáiste Adhmhnáin ach ní raibh an bharúil chéanna againn maidir le cúrsaí ceoil agus níor oibrigh muid ach séasúr amháin le chéile. Ach maireann cuimhne na chéad trí bliana sin im' intinn go dtí an lá atá inniu ann, chor a bheith leath-chéad bliain ina dhiaidh sin.

*Fear Óg na Seascaidí*

# John Mhicí Rua agus a thuras go dtí an Fhrainc 1988.

Smaoitigh Nuala, mo bhean chéile, i 1988 gur cheart dúinn dul ar laethanta saoire go dtí an Fhrainc agus creidim dá mbeadh sé suas fhad liomsa go mbeinnse i mo shuí ansin sa ghríosach go fóill agus nach rachainn áit ar bith. Ba é seo an chéad uair dúinn a bheith ag dul thar lear agus shocraigh muid go rachadh muid amach le Eurocamp, an uile dhuine againn anonn go dtí an Fhrainc. Carr beag a bhí againn, Nissan Cherry, agus cha raibh sé rómhór fá choinne scaifte mór cosúil le mar a bhí againne. Bhí seachtar páistí agus an bheirt againn fhéin ann.

Chuir Eurocamp an t-eolas uilig amach chugainn



roimh ré; léarscáileanna, treoracha agus liosta rialacha faoin charr. Bhí ort rudaí áirithe a bheith sa charr agat, cosúil le triantán ar eagla go mbrisfeá síos. Chaithfeadh soilse an chairr a bheith buí agus iarradh ort seirbhís a fháil déanta ar an charr le bheith cinnte go raibh achan rud in ord. D'fhág mise an carr thuas le Josie Shiels agus ghlan sé amach an radaitheoir. Sin an príomhrud a bhí le déanamh, de réir Eurocamp, iarradh orainn a bheith cinnte go raibh an radaitheoir glanta amach go maith. Nuair a bhí sin déanta thosaigh mé ag smaoiteamh ar caidé'n dóigh a dhéanfainn na soilse buí agus bhí mé ag smaoiteamh a chéad uair go mb'fhéidir go gcuirfinn páipéar "Lucozade" orthu ach ansin fuair mé péint buí thuas i Leitir Ceanainn a bhí rud beag cosúil le vearnais iongan agus chuir mé sin ar na soilse. Ina dhiaidh sin rinne mé triantán amach as adhmad agus chuir mé dath dearg air agus chuir mé sin isteach sa bhúit. Ansin bhí rud inteacht de dhíth fá choinne an bhagáiste agus rinne mé bosca mór, amach as adhmad fosta, agus chuir mé é ar dhíon an chairr. Cha raibh sé cosúil leis na boscaí galánta a fhaigheann tú anois. Cheannaigh mé fhéin ceann de na boscaí deasa plaisteacha sin blianta ina dhiaidh sin ach ag an am sin cha raibh agam ach an ceann a rinne mé fhéin.

## Ag ullmhú don mhaidin.

An oíche sular fhág muid bhí mé fhéin agus Freddie agus Seán amuigh ag cur achan rud sa charr agus ag fáil réidh don mhaidin agus é ag titim dorcha. Mí Meithimh a bhí ann agus is cuimhin liom gur deireadh seachtaine an railí a bhí ann agus bhí orainn a bheith ar shiúl luath. Mhothaigh muid an callán millteanach seo giota anonn ón teach agus cha raibh a fhios againn caidé a bhí ann. Bhí sé cosúil le dá mbeadh duine inteacht istigh i gcarr agus é ag cur a bhróg síos go dtí an clár. D'imigh muid anonn cibé agus bhí carr thuas ar an chlaí agus sin an rud deireanach a bhí a dhíobháil orainne agus muid ag iarraidh dul a luí agus cúpla uair chodlata a fháil sula n-imeodh muid; carr thuas ar mhullach an chlaí agus a bhróg go dtí an clár ag an fhear seo ag tabhairt achan iarraidh fáil ar shiúl agus achan Vroom amach as an charr. D'oscail mise an doras agus cé bhí ann ná Micí John Enda, go ndéanfaidh Dia mhaith air, agus creidim go raibh sé thuas sa síbín agus go raibh deoch nó dhó aige agus dá n-osclódh sé a dhoras fhéin thitfeadh sé síos thart fá cúig nó sé throigh. Fuair muid é tarraingthe amach as an charr agus léim madadh amach ina dhiaidh. Bhí sé ag cuartú a mhadaidh i rith an ama agus sa deireadh thuig muid go raibh an darna madadh sa charr leis. D'oscail Seán an búit agus léim madadh eile amach sa tsoc air. Cibé ar bith, d'fhág muid Micí thall sa teach agus tharraing muid an carr isteach ag cois an bhealaigh mhóir thall ag teach John Duffy. Tá cuimhne mhaith agam nuair a bhí muidinne ag fágáil ag a sé a chlog an mhaidin lá arna mhárach, d'amharc mise anonn agus bhí an carr ar shiúl. Caithfidhse go dtáinig Micí bocht aniar fá choinne an chairr i lár na hoíche.

## Ar shiúl linn.

Bhuel, bhí achan sórt istigh sa charr againn agus isteach leis an naonúr againn fhéin ar maidin agus tá a fhios agat le naonúr agus carr beag mar sin, cha raibh sé furasta. Bhí Seán seacht mbliana déag, Freddie sé bliana déag, Laura ceithre bliana déag, Nuala trí bliana déag, Aisling cúig bliana, Anthony dhá bhliain agus bhí Tommy ocht mí. Bhí cuid acu ina suí ar ghlúine agus duine acu ina luí thuas ag an fhuinneog chúl agus ar shiúl linn ansin. Bhí muid ag tiomáint a fhad le Ros Láir agus is cuimhin liom, nuair nach raibh muid ach thart fá Leitir Ceanainn, bhí an cheist ag dul thart



"An bhfuil muid ansin go fóill"? Bhí achan rud ar dóigh go dtí go raibh muid thart fá Charraig Mhachaire Rois. Thosaigh an carr ag gail. Seo i ndiaidh í a bheith sa gharáiste traidhfil laethanta roimhe sin agus insíodh dúinn sin a choimeád agus creidim gur tharla sé mar go raibh malach chomh mór sin linn sa charr. B'éigean domh an carr a stopadh agus bhí blaincéad linn agus chuir muid é ar mhullach an radaitheora agus d'oscail muid é agus lig muid an t-uisce buí uilig amach as. B'éigean dúinn tuilleadh uisce a fháil ansin agus bhí orainn an t-uisce a athrú b'fhéidir cúig nó sé uaire idir sin agus Ros Láir, ag stopadh agus ag tabhairt iarraidh buidéal uisce a fháil anseo agus ansiúd agus é a chur isteach sa charr. In amanna shíl muid nach mbeadh muid in am don bhád, nó nach bhfaigheadh muid an fhad sin ar chor ar bith. Sa deireadh, shroich muid Ros Láir agus trasna ar an bhád linn go Le Harve.

## Thall sa Fhrainc.

Bhí ocht gcéad míle le dhul againn ina dhiaidh sin, síos go dtí an ionad campála. Bhí muid ag dul go Páras ar dtús agus an rud céanna ag tarlú i rith an ama, ag cur uisce sa charr achan ghreim laisce. De réir a chéile shroich muid Páras agus seo fear nár thiomáin ariamh ar an taobh dheis den bhealach mhór. Bhí rud beag imní orm faoi sin ach char ghlac sé rófhada domh éirí cleachtaithe leis. Thart linn ar chaoi ar bith ar "Boulevard Périphérique", ceann de na mórbhealaí is gnóthaí san Eoraip agus isteach 'na cathrach. Is cuimhin liom, nuair a bhí muid ag teacht aníos an Champs-Élysées, áit mhór leathan ar a dtiocfadh le seacht gcarr a bheith ag tiomáint le taobh a chéile, bhí carr ag ár dtaobh agus mhothófá an rac-cheol agus an callán ag teacht ón charr agus bhí cluasáin istigh ag an tiománaí. Cibé ar bith, d'amharc sé anall agus baineadh stad as. D'amharc sé arís agus thosaigh sé ag croitheadh a cheann agus ag cuntas an méid daoine a bhí sa charr againne agus chaith sé a lámha suas san aer. Faoin am sin ansin cha raibh a dhath amach as an dream sa charr ach cá háit a raibh an "Eiffel Tower". Thiomáin muid thart an coirnéal seo agus bhí sé ina shuí ansin romhainn. Stop muid ansin agus amach linn agus suas an "Eiffel Tower". Chaith muid an oíche sin i bPáras agus an lá arna mhárach thiomáin muid síos go dtí an Bhúrgúin agus an rud céanna arís, ag cur uisce sa charr achan, b'fhéidir, ocht míle no mar sin.

Bhí teas millteanach ann ag an am. D'fhan muid sa Bhurgúin oíche amháin agus ansin ar aghaidh linn an mhaidin lá arna mhárach arís, ag cur uisce sa charr mar a bhí, go dtí go raibh muid fhad le Perpignan agus ansin amach go dtí an ionad campála, Argeles, atá ar chósta na Meánmhara.



## Lourdes.

Áit ar dóigh a bhí ann le achan sórt imeachtaí do na páistí, daoine le hamharc ina ndiaidh, teas galánta agus cha raibh a dhath le déanamh agat ach do chuid cócaireachta fhéin, barbecues uilig. Ach bhí rud amháin ar ár n-intinn. Bhí aintín ag Nuala thall ar an Cheathrú Chaol agus í ag dul siar in aois agus cha dtiocfadh léi a thuigbheáil daoine a bheith ag dul ar laethanta saoire, ag cur airgid amú mar sin. Bean chreathnach chrosta a bhí inti agus, le rudaí a choinneáil socair, tháinig muid aníos le plean. D'inis muid dithe go raibh muid ag dul go Lourdes agus sin an dóigh a fágadh an scéal.




Bhuel, i ndiaidh lá a chaitheamh san ionad campála agus scíste a bheith againn, dúirt Nuala liom gurbh fhearr dúinn dul go Lourdes nó go ligfeadh duine acu an cat amach as an mhála sula bhfaigheadh muid abhaile. D'imigh muid luath ar




maidin, mé fhéin agus Nuala agus thug muid Anthony linn agus thiomáin muid dhá chéad míle, amach fríd na Pyrenees, go Lourdes. Tá cuimhne agam nuair a bhí muid ag dul fríd na Pyrenees tháinig titim creathnach fearthainne agus tuile uisce ar an bhealach a bhí chomh olc sin gurbh éigean domh tarraingt isteach nó go nífeadh sé an carr den bhealach. Mhair sé thart fá leathuair agus chan fhaca mé a dhath ariamh cosúil leis. Char chaith muid ach b'fhéidir fiche bomaite nó leathuair i Lourdes agus thiomáin muid dhá chéad míle ar ais go dtí an ionad campála arís. Nuair a shroich muid Perpignan chuir muid an braon deireanach uisce sa charr agus cha raibh orainn a dhath níos mó uisce a chur sa charr go dtí go raibh muid ar ais ar an Ghlíob arís. Caithfidhse go ndearna Lourdes an jab!!

Chaith muid thart fá ocht lá in ionad campála Argeles an t-am sin. Thug muid cuairt ar an Spáinn agus ar thraidhfil de na fíonghoirt sa Fhrainc. Bhí achan saghas torthaí agus glasraí galánta le fáil ann, rudaí nach bhfeicfeá sa bhaile ag an am agus éagsúlacht mhór éisc le fáil. Is cuimhin liom fosta dul isteach sa siopa thall ansin agus cha raibh a dhath le feiceáil ach fíon, i rith an bhealaigh síos an cosán, agus é chomh saor sin. Cha dtiocfadh liom fáil thairis. Chur muid carnán fíona isteach sa bhúit sular fhág muid agus bhí níos mó fíona 'na bhaile linn ná bhí sna siopaí thart anseo ag an am.

## Sa bhaile Arís.

Tháinig muid abhaile slán agus muid uilig dóite leis an ghrian. Tamall ina dhiaidh sin bhí Nuala ag rá go raibh tormán de shórt inteacht i gcúl an chairr agus d'fhág mé í thuas ag Josie Shiels maidin amháin. Chuaigh mé ar ais tráthnóna fána coinne agus d'fhiafraigh sé domh caidé a bhí mé ag déanamh leis an charr. "Cad chuige"? arsa mise. "Bhuel" a dúirt sé, "tá an dá spring deiridh briste". Chan iontas ar bith!

Chuir an turas sin tús lenár gcuid taistil thar lear. Ba ghnách linn imeacht sa charr áit inteacht darna achan bhliain ina dhiaidh sin, go Monte Carlo, go dtí Loch Garda san Iodáil, go minic go dtí an Fhrainc, agus thug muid cuairt ar ais ar Argeles arís i 2008, ach bhí mise sa suíochán cúl an t-am sin. É sin uilig ráite, ba é an chéad turas a rinne muid go dtí Argeles an ceann is mó a d'fhan linn agus a thagann aníos sa chomhrá go fóill nuair atá muid inar suí thart ag an tábla.

### DON OÍCHE ÚD I MBEITHIL.

Don oíche úd i mBeithil, beidh tagairt ar ghréin go brách,
Don oíche úd i mBeithil go dtáinig an Bhréithir slán;
Tá gríosghrua ar spéarthaibh 's an talamh 'na chlúdach bán;
Féach Íosagán sa chléibhín, 's an Mhaighdean Á dhiúl le grá.

Ar leacain lom an tSléibhe go nglacann na haoirí scóth
Nuair in oscailt ghil na spéire tá teachtaire Dé ar fáil;
Céad glóire anois do Athair i bhFlaitheasaibh thuas go hard,
Is feasta fós ar talamh d'fhearaibh dea-mhéin síocháin!

# Feadaímó

*Tá Séamaí ar shiúl i dtreo Thír Chonaill agus corp Choilm leis i mála mine ar dhroim capaill. Tá Feadaímó is na boic eile i gcathair Dhoire agus iad ar lorg an Colonel Albertson. Tá Domhnall mar phríosúnach aige agus fosta tá airgead an táin ina sheilbh.*

Bhí siad ina seasamh i gcearnóg "King George" agus iad ag amharc suas ar bheairic na saighdiúirí ar bharr sráid William. Chonaic siad beirt shaighdiúir ag siúl anonn agus anall os comhair an gheafta agus muscaeid ar a ngualaí acu. Bhí balla ard thart ar an bheairic agus saighdiúirí ina seasamh ag amharc amach ar na sráideanna agus b'fhéidir daichead slat idir achan duine acu. Anois is arís d'fhágadh colún saighdiúirí le dhul ar phatról thart fán chathair agus amanna eile d'fhágadh trúpa Dragún ar chapaill. "Is dóiche go bhfuil na dragúin ár gcuardach" arsa Feadaímó, "tá shúil agam nach mbeireann siad ar Shéamaí." "Bhail," arsa Tuathal, níl neart againne ar sin anois. Má fhanann muidinne inár seasamh anseo i ngrúpa ní bheidh sé i bhfad go mbeidh duine inteacht ag cur ceisteanna." "Téigí isteach i dteach óstais inteacht," arsa Feadaímó, "agus rachaidh mise go bhfeicfidh mé an dóigh is fearr le fáil isteach go dtí an bheairic. Níl maitheas ar bith dúinn a bheith ag smaoineamh ar dhul isteach i rith an lae, mar tá i bhfad a bharraíocht saighdiúirí ar choimhéad fán áit." "Níl airgead ar bith againn le bheith ag siúl isteach áit ar bith," arsa Seán. "Tá trí scillinge fágtha agamsa ó airgead na mine," arsa Feadaímó, agus thug sé é do Sheán. "Chan rud é," a dúirt sé, "go bhfuil sibh ag iarraidh a bheith ólta agus obair le déanamh againn nuair a thiteas an oíche."

Shiúl Paidí anonn chuige agus d'amharc sé suas ar an bheairic. Labhair sé ina chogarnach le Feadaímó sa dóigh is nach gcluineadh na boic eile é. "Bíodh thusa cinnte, a fhir óig," a dúirt sé, "nach tubaiste ar bhuin tubaiste atá i ndán dúinn leis an bheairic sin. Tá fear amháin marbh agus Domhnall faoi ghlas gan trácht ar an táin a bheith caillte. Caithfidh tú smaoineamh ar phlean ina bhfuil ar a laghad deis éalaithe againn má théann rudaí i dteannas orainn. Mar a dúirt mé, tá mé leat, agus cha bhímse i bhfolach nuair atá muid i mbun oibre, ach tá mé ag rá leat a bheith cúramach. B'fhearr liom an cat mara ná a bheith mar phríosúnach ag na saighdiúirí." "A Phaidí," arsa Feadaímó, "má shílimse go bhfuil sé róchontúirteach daoibh déanfaidh mé an jab mé fhéin. Bíodh muinín agat ionam agus lig domh cinneadh a dhéanamh ar seo. Chan seo an chéad uair domh briseadh isteach i mbeairic." Thiontaigh sé thart. "A fheara, an bhfeiceann sibh an teach óstais sin thall, 'The Ploughman?' Fanaigí ansin orm, cha bhím i bhfad."

D'imigh sé i dtreo na beairice agus d'amharc an chuid eile air agus é ag siúl mar fhear nach raibh buaireamh de shórt ar bith ag cur isteach air. "Tá crógacht san fhear sin," arsa Tuathal, "tá shúil agam go díreach go bhfeicfidh sé dóigh amach as an fhaopach ina bhfuil muid." Bhí duine de na saighdiúirí ag amharc ar Fheadaímó agus é ag teacht aníos an tsráid ina threo. Dúirt Feadaimó paidir bheag leis fhéin nach raibh an saighdiúir seo i gcuideachta Colonel Albertson nuair a d'éalaigh sé uathu an oíche fá dheireadh. Thosaigh sé ag feadaíl ar nós cuma liom ach choinnigh an saighdiúir a shúile air. Bhí sé rómhall d'Fheadaímó a dhath eile a dhéanamh ach coinneáil ag dul. Le sin thiomáin cairt amach an geafta agus é lán de bhairillí móra adhmaid. Sheas an saighdiúir eile amach agus stad an chairt. "Wat's your urry then, Paddy?" a dúirt sé leis an bheirt a bhí ar an chairt. An saighdiúir a bhí ag coimhéad ar Fheadaímó, shiúl sé thart ag amharc isteach sa chairt. The quartermaster told me to hurry up and get back to the brewery sharpish like." arsa an tiománaí. He wants another load of ale delivered for the officers' ball tonight." "Best we not keep you then," arsa an saighdiúir, "we'll see you later." "You won't see me," arsa an tiománaí, "I'm finished me day with this load of empties." "Lazy, sod," arsa an saighdiúir. Labhair an saighdiúir eile leis an tiománaí ansin. "Wat's with your mate then? Paddy, don't he got notin to say for hiself, eh?" "Jimmy hasn't much, English, sir," arsa an tiománaí. "Bloody bog Irishman," arsa an saighdiúir, "go on then, be off with you ." Thiomáin an chairt léi. Chuala Feadaímó an comhrá seo uilig agus é ag amharc isteach an geafta.

Bhí aird na saighdiúirí dírithe ar an chairt agus cha dtug siad é faoi deara. Chonaic Feadaímó go raibh cuma ghnóthach ar rudaí istigh sa bheairic. Bhí saighdiúirí ag iompar cathaoireacha ó halla amháin go halla eile agus bhí searbhóntaí ina rith thart agus achan sórt ábhar a iompar acu. Nuair a bhog an chairt shiúl Feadaímó leis suas an tsráid agus thart an coirnéal. Achan uair a d'amharc sé suas ar na ballaí bhí saighdiúir eile ag amharc anuas air. "Cad chuige, faoi Dhia, a bhfuil siad chomh coimhéadach seo," a dúirt sé leis fhéin. Bhí na ballaí fiche troigh ar airde ar a laghad agus chan fhaca sé go fóill ach geafta amháin ar an áit. Shiúl sé thart ar an bheairic uilig ach cha raibh ach doras mór trom amháin ar a cúl agus cuma air nár fosclaíodh é le blianta fada anuas.

Sheas sé i ndoras siopa ar feadh tamaill ag amharc ar an áit. "Can I help you?" Thiontaigh Feadaímó agus chonaic sé fear an tsiopa ina sheasamh ag a thaobh. "No thanks," arsa Feadaímó, agus d'imigh sé. "Lorda," a dúirt sé leis fhéin, "tá sé doiligh cúig bhomaite a fháil sa chathair seo gan duine inteacht a bheith ag cur ceiste ort." Chuaigh sé ar ais chuig an Ploughman agus shiúl sé isteach. Bhí na boic uilig ina suí thart ar thábla faoin fhuinneog agus gloine leanna os comhair achan fhear acu. "Níl cuma ort go bhfuil tú róshásta, a Fheadaímó," arsa Tuathal nuair a shuigh sé ag an tábla, "nach bhfuil scéal maith agat dúinn?" "Fan go bhfaighidh mé pionta duit, a ghasúir," arsa Seán, agus chuaigh sé go dtí an chuntar.

Bhí triúr fear eile ina suí ag an chuntar agus anois is arís thiontódh siad le hamharc ar bhaicle Fheadaímó. "Bhail, a fheara," arsa Feadaímó, "cé gurb fhearr liom áit níos príobháidí ná seo, caithfidh mé a rá libh nach bhfuil seo dul a bheith furasta. Dóbair gur thit an lug ar an lag orm nuair a rinne mé scrúdú ar an bheairic. Cha dtiocfadh liom bealach isteach, a bheadh sábháilte dúinn, a fheiceáil ar chor ar bith. Ach, tá plean agam anois." D'amharc sé thart orthu uilig. Fir mhuiníneach a bhí iontu uilig. Sheasfadh siad a bhfód dá dtiocfadh teann orthu agus bhí a fhios aige go dtiocfadh leis brath orthu. "An bhfuil sibh uilig liom?" a dúirt sé, agus

tháinig freagra dearfa ar ais chuige uathu uilig. Mhínigh sé an plean deofa. “An bhfuil a fhios agat seo, a Fheadaímó,” arsa Paidí, “más féidir linn seo a dhéanamh beidh siad ag ceol amhráin fá dtaobh dúinn ar feadh blianta fada amach anseo.” Thosaigh siad uilig ag gáire. “A Sheáin,” arsa Tuathal, “an bhfuil luach deoch eile againn?” “Tá leoga, arsa Seán, agus sílim go mbeidh sé de dhíobháil’.

Cúpla uair ina dhiaidh sin bhí Feadaímó agus Seán ina seasamh taobh amuigh den ghrúdlann ag coimhéad na gcairteacha ag dul isteach is amach. “Níl a fhios agam cad é atá á gcoinneáil,” arsa Feadaímó, “ba chóir go mbeadh cairt ag dul suas i dtreo na beairice roimhe seo.” “Bíodh foighid agat, a fhir óig,” arsa Seán. “Tiocfaidh siad nuair….” stad sé ag caint ansin mar bhí cairt ag teacht amach agus lód mór bairillí uirthi. Thiontaigh sí i dtreo na beairice agus lig Feadaímó osna as. “Buíochas le Dia” a dúirt sé, agus thosaigh an bheirt acu ag leanstan na cairte. Bhí Tuathal ag fanacht i bpáirc cathrach ar thaobh an bhealaigh agus chonaic sé an chairt agus an bheirt a leanstan. Shiúl Tuathal amach agus stad sé i lár an bhealaigh. Chuir sé suas a lámh agus tharraing an tiománaí na srianta. “Woah, a scairt sé, agus stad an chairt. “What do you think you’re at?” a dúirt sé le Tuathal. “An bhfuil Gaeilge ar bith agat? arsa Tuathal leis. “Tá neart Gaeilge agamsa agus ag mo chara anseo,” arsa an tiománaí. “B’fhéidir go ndíolfá ceann de na bairillí sin liom,” arsa Tuathal. “Cha dtig liom,” arsa an tiománaí, “caithfidh an lód seo dul isteach na beairice. Tá fiche bairille a dhíth orthu agus sin an méid acu atá liom. Tá an ghrúdlann thíos ag bun na sráide ansin agus díolfaidh siad bairille leat.” “Cad é’n cineáil luach a bheadh ar bhairille,” arsa Tuathal. “Ó, leoga, gheofá ceann ar dheich scillinge déarfainn,” arsa an tiománaí. “Dá dtabharfainnse punta duit ar cheann cad é a déarfá?” “Bheinn ag cur ceiste ort fá cad chuige a dtabharfá punta air ar bharr na sráide nuair atá sé ar fáil ag bun na sráide ar dheich scillinge.” “Bheadh orm é a iompar ansin,” arsa Tuathal, “agus tá droch-dhroim orm.” D’amharc an tiománaí ar a chara is chroith an fear sin a ghuaillí ar nós cuma liom. “Thiocfadh linn a rá gur thit bairille den chairt,” a dúirt sé leis an tiománaí. “agus cá háit a mbeadh orm dul leis an bhairille seo le punt a fháil air,” arsa an tiománaí. “Síos leath bealaigh ar an tsráid bheag sin,” arsa Tuathal, agus a mhéar dírithe ar sheanteach. “Tchíonn tú an teach sin a bhfuil a dhoras foscailte ansin. Bheinn iontach buíoch díot.” “Hup, hup,” arsa an tiománaí. Sheas Tuathal amach as an chosán agus chuaigh an chairt isteach ar an tsráid. Chan fhaca duine ar bith den bheirt ar an chairt go raibh Feadaímó á leanstan i gcuideachta Thuathail. D’fhan Seán ar an choirnéal ar faire. “C’ainm atá ort?” a scairt Tuathal leis an tiománaí? “Peadar atá orm,” arsa an tiománaí, agus is é seo Jimmy ag mo thaobh anseo.” “Caithigí bairille isteach ansin, a Pheadair” arsa Tuathal. “Taispeáin an punta domh agus déanaimid sin,” arsa Peadar. Le sin léim Feadaímó suas agus fuair sé greim muineáil air agus tharraing sé é den chairt.

Rinne Tuathal amhlaidh le Jimmy agus tugadh an bheirt acu isteach ‘na tí. Bhí Éamonn agus Paidí istigh rompu agus cheangal siad lámha agus cosa na beirte sula raibh a fhios acu cad é a bhí ag tarlú. “Faoi Dhia, cad é atá dul ar aghaidh anseo?” arsa Peadar. “Tá brón orm,” arsa Tuathal, “ach tá iasacht na cairte a dhíobháil orainn agus cha shílim go mbeifeá sásta sin a thabhairt dúinn.” Thosaigh Peadar ag caint arís ach chuir Éamonn bratóg thart ar a bhéal le é a choinneáil socair. Rinne Paidí an rud céanna le Jimmy agus fágadh an bheirt thíos sa siléar. Chuaigh siad uilig amach go dtí an chairt ansin. “Tógaigí cúigear acu sin isteach,” arsa Feadaímó, “agus doirtigí amach an bheoir.” Chuir Tuathal a lámha ar bhairille ach cha raibh sé ábalta é a bhogadh. “Lorda, tá siad trom,” a dúirt sé. Thóg Feadaímó an bairille anuas



mar a bheadh bábóg ann agus d’fhág ar an chosán é. Nuair a bhí cúigear acu ar an talamh aige thóg sé ceann acu agus chuir ar a ghualainn é agus shiúl sé isteach go dtí an teach. D’amharc an triúr ar a chéile agus ansin chuaigh Tuathal agus Éamonn le chéile agus d’iompair siad ceann isteach. Chuir Paidí ceann acu ar a thaobh agus thosaigh sé a rolladh chun ‘a tí. Baineadh na cláir do na bairillí agus doirteadh an bheoir ar an urlár. “Nach millteanach an cur amú sin? “arsa Paidí. “Níl neart air,” arsa Feadaímó, agus d’iompair sé dhá bhairille folmha amach chun na sráide.

Chuaigh Feadaímó suas ar an chairt agus bhog sé cuid de na bairillí thart. “Cuirimid na cinn ata folamh istigh i lár báire,” a dúirt sé. Lig sé feadaíl as agus tháinig Seán isteach a fhad leo. D’amharc Feadaímó thart ar an tsráid. Cha raibh duine ar bith le feiceáil. “Maith go leor,” a dúirt sé, “Éamonn agus Paidí isteach sna bairillí libh. A Thuathail, tá tusa ag tiomáint agus beidh Séan leat. Beidh ormsa dul faoin chairt mar níl na bairillí mór go leor domhsa.” Nuair a bhí Éamonn agus Paidí sna bairillí chuir Feadaímó na cláir orthu. Fuair sé píosa de rópa agus cheangail sé é fhéin do bhun na cairte. “An bhfuil tú réidh, a Fheadaímó?” a scairt Tuathal. “Tá, a Thuathail, tiomáin leat”.

*Beidh an chuid eile sa chéad eagrán eile.*

# Pictiúir ón cheantar agus é faoi bhrat bán sneachta


*Liam Mac Conaglaigh*


*Liam Mac Conaglaigh*


*Miseál Ní hAodha*

*Liam Mac Conaglaigh*




*Miseál Ní hAodha*


*Miseál Ní hAodha*


*Liam Mac Conaglaigh*

# Éigse Sheáin Bháin

Ghlac os cionn leathchéad páiste, a bhí ullmhaithe ag Céim Aniar, páirt i gcomórtas "Deis a Labhartha" ag Éigse Sheáin Bháin i mBaile na Finne ar an Satharn, 28 Samhain. Cúig rannóg ar fad a bhí sa chomórtas dánta seo i mbliana agus d'éirigh le páistí Ros Goill duaiseanna a bhaint in achan rannóg, mar a leanas:

Naíonáin - Aoibhinn Ní Chonaill (Dara áit roinnte le Fionnuala Ní Bhaoill, Baile na Finne)
Rang 1 & 2 - Aobhá Ní Ghallachóir (An Chéad áit)
Rang 3 & 4 - Micheál Pasoma (An Chéad áit)
Rang 5 & 6 - Micheál Ó Cathasaigh (Dara áit), Hannah Ní Chanainn Uí Chatháin (Tríú áit)
Daltaí Meánscoile - Ailín Pasoma (Dara áit), Ruaidhrí Mac Conaglaigh (Tríú áit)

Chuir na páistí uilig obair mhór isteach ag ullmhú don chomórtas seo agus ag déanamh cleachtaidh ar na hagallaimh beirte i mbliana agus ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh leo uilig.

B'éigean an comórtas dánta agus agallamh beirte "Guth Ghoill", a bhí socraithe don cheathrú lá de Nollaig, a chur ar ceal mar gheall ar an drochaimsir agus beidh an comórtas seo ar siúl anois in Áras Ros Goill roimh dheireadh Eanáir.




Sa phictiúr thuas, ar cúl, ó chlé tá Séamas Ó Baoill, Nicola Ní Bhaoill, Róisín Ní Dhabhaidh, Cormac Ó Colla, Amy Ní Ghiobúin, Hannah Ní Chanainn Uí Chatháin, Niamh Ní Cheallaigh agus Brendán Ó Dufaigh. Chun tosaigh, ó chlé tá Micheál Ó Cathasaigh, Micheál Pasoma, Micheál Ó Baoill agus Shauna Ní Dhochartaigh.

# Baile na Finne, 28 Samhain, 2010


*Aobhá Ní Ghallachóir agus Aoibhinn Ní Chonaill*


*Ailín Pasoma agus Ruaidhrí Mac Conaglaigh*


*Anna Ní Chonchúir*


*Jason Ó Buaidhe*



*Fiachra Mac Laifeartaigh*


*Seaghan Ó Colla*


*Rebecca Nic Nuadht*


*Ceallaigh Nic Íomhair*


*Ellie Ní Choileáin*


*Rhiannan Ní Labhraí*


*Lóirín Nic Giolla Bhríde*

# Oíche Ghaelach in Óstán na Trá ar 11 Nollaig, 2010

Tá daichead teaghlach agus trí scór go leith páiste páirteach i scéim pleanála teanga Chéim Aniar anois agus neart imeachtaí, a leithéidí: drámaíocht, agallamh beirte, filíocht, ceol uirlise, amhránaíocht, cluichí intinne agus cluichí spóirt ar siúl dóibh i ndiaidh am scoile. Bhéarann na hOícheanta Gaelacha deis do na teaghlaigh uilig teacht le chéile agus deis do na páistí an méid atá ar siúl acu i rith na bliana a chur i láthair an phobail.

Bhí an oíche is déanaí againn in Óstán na Trá Dé Sathairn, 11 Nollaig agus roimh dheireadh na hoíche bronnadh coirn ar bheirt chailín agus ar bheirt ghasúr - Hannah Ní Chanainn Uí Chatháin agus Micheál Ó Coileáin a bhí ainmnithe mar rannpháirtithe na bliana ag imeachtaí Chéim Aniar agus Rebecca Nic Nuadht agus Micheál Ó Cathasaigh a bhí ainmnithe mar na rannpháirtithe ar tháinig an feabhas ba mhó orthu i rith na bliana. Comhghairdeas libh a pháistí.





Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Susan Ní Ghallachóir, le Róisín Ní Bhuaidhe agus le Máire Mhic Suibhne a chuidigh linn ar an oíche.









*Ó chlé tá, Proinsias Ó Cuilinn, Hannah Ní Chanainn, Micheál Ó Coileáin, Rebecca Nic Nuadht agus Micheál Ó Cathasaigh*

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com